2024.S54T

2024J126C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

## Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2024

# Teicneolaíocht Adhmaid

## Comhleibhéal

## Déardaoin 13 Meitheamh    Tráthnóna 1:30 - 3:00

120 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Freagair gach ceist.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Ní ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid ach amháin le haghaidh sceitsí agus líníochtaí.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise dá leithéid go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus cuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora ar scáileán. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhann tú lasmuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Ceist 1**

San íomhá taispeántar stól atá déanta as adhmad darach dúchasaí na hÉireann.



**(a)** **(i)** Tabhair cúis **amháin** le dair a úsáid chun an stól a dhéanamh.

| Cúis: |
|---|
| |
| |

**(ii)** Is crua-adhmad dúchasach Éireannach í an dair. Úsáid tic (✓) chun a chur in iúl cé acu de na hadhmaid seo a leanas atá dúchasach d'Éirinn **nó** neamhdhúchasach d'Éirinn.


| Adhmad | Dúchasach | Neamhdhúchasach |
|---|---|---|
| Fuinseog | | |
| Mahagaine | | |
| Seiceamar | | |
| Balsa | | |

**(iii)** Is féidir le húsáid adhmaid dúchasacha na hÉireann sa Teicneolaíocht Adhmaid inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn.

Tabhair cúis **amháin** le crua-adhmad dúchasach Éireannach a úsáid in ionad crua-adhmaid iompórtáilte.

| Cúis: |
|---|
| |
| |

**(b)** San íomhá taispeántar dualalt atá á mheas chun an ráille íochtarach a shiúntú le cos an stóil.




**(i)** Tabhair buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an dualalt seo a úsáid.

| |
|---|
| Buntáiste: |
| |
| Míbhuntáiste: |
| |

**(ii)** Ainmnigh agus déan sceitse d'alt féideartha **amháin** eile a d'fhéadfaí a úsáid chun an ráille íochtarach a shiúntú leis an gcos.

| |
|---|
| Ainm an Ailt: |
| Sceitse: |

**(c)** Ní mór uirlis ghearrtha a roghnú chun barr ciorclach an stóil a ghearradh mar a thaispeántar.




**(i)** Luaigh an t-ainm ceart ar **gach** ceann de na huirlisí gearrtha a bhfuil na lipéid **A**, **B**, agus **C** orthu thíos.

**A**




**B**



**C**




| A: | B: | C: |
|---|---|---|
| | | |

**(ii)** Mol an uirlis ghearrtha is fear as na huirlisí thuas, agus tabhair cúis le do rogha.


| |
|---|
| Moladh: |
| Cúis: |
| |

**(iii)** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ar leith is cóir a chomhlíonadh má úsáidtear an uirlis ghearrtha **B** thuas.

| |
|---|
| Réamhchúram 1: |
| |
| |
| Réamhchúram 2: |
| |
| |

**Ceist 2**

San íomhá ar dheis taispeántar slachtán deisce atá le déanamh as clár monaraithe.



**(a)** **(i)** Ainmnigh **dhá** chlár monaraithe fhéideartha a d'fhéadfaí a úsáid chun an slachtán deisce a dhéanamh.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(ii)** Tabhair buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le clár monaraithe a úsáid chun an slachtán deisce seo a dhéanamh.


| |
|---|
| Buntáiste: |
| |
| Míbhuntáiste: |
| |

**(iii)** Cuir in iúl le tic (✓) cé acu atá gach ceann de na ráitis seo a leanas fíor **nó** bréagach.

| **Cláir Mhonaraithe** | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| De ghnáth bíonn costas níos lú ar chláir mhonaraithe ná ar adhmad soladach | | |
| Tá cláir mhonaraithe níos inbhuanaithe ná adhmad soladach a úsáid | | |
| Fásann cláir mhonaraithe in ithreacha de gach cineál | | |
| Is as fuíollábhar a dhéantar cláir mhonaraithe de ghnáth | | |

**(b)** Anseo thíos taispeántar líníocht oibre neamhchríochnaithe den slachtán deisce.

Taispeántar grafaic 3T den slachtán freisin.




Ar an líníocht thíos:

**(i)** Críochnaigh an t-ingearchló.

**(ii)** Críochnaigh an bonnchló.

**Nóta**: Níl gá le sonraí folaithe.




**(c)** Ba cheart liosta gearrtha a ullmhú chun an slachtán deisce a dhéanamh.

**(i)** Tabhair cúis **amháin** a bhfuil sé tábhachtach liosta gearrtha a ullmhú sula ndéantar an slachtán.

| Cúis: |
|---|
| |
| |

**(ii)** San íomhá thíos taispeántar líníocht thoisithe don slachtán deisce.
Críochnaigh an liosta gearrtha a thugtar sa tábla thíos.


**Nóta**: Tá gach ábhar 9 mm ar tiús.




| Cur síos | Líon | Fad | Leithead | Tiús |
|---|---|---|---|---|
| Bonn | 1 | | 115 | 9 |
| Éadan | 1 | 240 | 50 | |
| Cúl | 1 | 240 | | 9 |
| Lár | 1 | 240 | 75 | 9 |
| Taobhanna | | 60 | 50 | 9 |

**Ceist 3**


San íomhá ar dheis taispeántar bréagán sortála cruthanna do pháiste atá déanta as adhmaid sholadacha atá i gcodarsnacht le chéile.



**(a)** Tabhair **dhá** bhreithniú ba chóir a chur san áireamh agus bréagán adhmaid do pháiste á dhearadh.

| |
|---|
| Breithniú 1: |
| |
| Breithniú 2: |
| |

**(b)** San íomhá ar dheis taispeántar taobh amháin den bhréagán agus an mharcáil amach d'fheiralt air.




Ainmnigh an uirlis mharcála amach a thaispeántar agus a úsáideadh chun doimhneacht an ailt seo a mharcáil.



| |
|---|
| Ainm: |

**(c)** Ainmnigh agus déan sceitse d'uirlis **amháin** a d'fhéadfaí a úsáid chun an trinse don bhfeiralt a bhaint amach, mar a thaispeántar.




| Ainm na huirlise: |
| --- |
| Sceitse: |

**(d)** Mol bailchríoch fheidhmeach oiriúnach don bhréagán.

Tabhair cúis **amháin** le do rogha bailchríoch.

| Bailchríoch fheidhmeach: |
| --- |
| Cúis: |
| |
| |

**(e)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe néata, agus déan cur síos ar **dhá** chéim is gá chun an t-adhmad a **ullmhú** do do bhailchríoch roghnaithe.



Céim 1:

Céim 2:

**Ceist 4**

Is é Coillte an comhlacht atá mar úinéir ar fhormhór na foraoiseachta in Éirinn agus is é a bhainistíonn í. Tá sé i gceist ag Coillte todhchaí inbhuanaithe a chruthú ónár bhforaoisí.




**(a)** **(i)** Tabhair **dhá** chúis nach mór foraoisí na hÉireann a bhainistiú.

| |
|---|
| Cúis 1: |
| |
| |
| Cúis 2: |
| |
| |

**(ii)** Liostaigh **dhá** thairbhe a bhaineann le foraoisí a chur.

| |
|---|
| Tairbhe 1: |
| |
| |
| Tairbhe 2: |
| |
| |

**(b)** San íomhá taispeántar foraois in Éirinn ina bhfuil meascán de chrainn chrua-adhmaid agus crainn bhogadhmaid.




Agus nótaí agus sceitsí saorláimhe á n-úsáid agat, déan cur síos ar shaintréith a bhaineann le duilleog chrua-adhmaid agus saintréith a bhaineann le duilleog bhogadhmaid.

| Duilleog chrua-adhmaid: | Duilleog bhogadhmaid: |
| --- | --- |
| | |
| | |
| | |
| | |

**(c)** San íomhá taispeántar trasghearradh de stoc crainn chrua-adhmaid.

**(i)** Sainaithin, as an liosta seo a leanas, **gach** cuid den trasghearradh:

***Basta***, ***Croí-adhmad***, ***Coirt***, ***Fáinní bliantúla***





| |
|---|
| A: |
| B: |
| C: |
| D: |

**(ii)** Déan cur síos ar feidhm na coirte.


| |
|---|
| Feidhm: |
| |
| |
| |

**Ceist 5**



San íomhá ar dheis taispeántar ubhchupán adhmaid a deileadh ar an deil.

**(a)** **(i)** Úsáid tic (✓) agus sainaithin an fabht, a bhfuil an lipéad **A** air, ar an mbloc adhmaid a bhfuil sé beartaithe an t-ubhchupán a dhéanamh as.




| | |
|---|---|
| Veinír | ☐ |
| Fabht réalta | ☐ |

**(ii)** Déan cur síos ar éifeacht an fhabht seo ar adhmad.

| |
|---|
| |
| |

**(iii)** Ainmnigh agus sceitseáil fabht adhmaid **amháin** eile.

| |
|---|
| Ainm an fabht: |
| Sceitse: |


**(b)** Ainmnigh an t-earra deilte thíos agus tabhair úsáid ar leith dó.



| |
|---|
| Ainm: |
| Úsáid: |
| |
| |

**(c)** San íomha ar chlé taispeántar bloc adhmaid. Tá an bloc seo le deileadh chun ubhchupán, mar a thaispeántar ar dheis, a dhéanamh.

Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe néata, agus déan cur síos ar **dhá** chéim is gá chun an bloc a **ullmhú** lena chur suas ar an deil.



Céim 1:

Céim 2:

**(d)** San íomhá ar dheis taispeántar tacar ina bhfuil sé ubhchupán.

Bain úsáid as sceitse saorláimhe néata, maille le nótaí mínithe, chun do smaoineamh a chur in iúl agus dear seastán tarraingteach chun na sé ubhchupán a choinneáil agus a thaispeáint ar bhord cistine.



Sceitse:

Spás scríbhneoireachta breise.

Lipéadaigh obair bhreise ar bith go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

**Admhálacha**

**Íomhánna**
Íomhá ar leathanach 5: https:// www.dewalt.ie
Íomhá ar leathanach 5: https://www.hegner.co.uk
Íomhá ar leathanach 5: https:// www.felder-group.com
Íomhá ar leathanach 9: https://www.conrad.com
Íomhá ar leathanach 12: https://careersportal.ie/careerplanning/story.php?ID=2501203419
Íomhá ar leathanach 13: https://www.agriland.ie/farming-news
Íomhá ar leathanach 14: https://brainly.com/question/14688748
Íomhá ar leathanach 15: https://www.axminstertools.com

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Teicneolaíocht Adhmaid

Déardaoin 13 Meitheamh

Tráthnóna 1:30 - 3:00